

An Triail Chluastuisceana

Beidh an triail seo ina cuid comhtháite (*integrated*) de scrúdú scríofa Pháipéar 1. Tósóidh Páipéar 1 leis an triail chluastuisceana seo agus leanfar gan briseadh leis an gceud eile de Pháipéar 1.

MOLTAÍ AGUS CUR CHUIGE

- Bí ag éisteacht go rialta le hábhar cluastuisceana (dlúthdhioscaí na dtéacsleabhar agus dlúthdhioscaí na Roinne). Éist le Raidió na Gaeltachta agus féach ar TG4 chun taithí a fháil ar na canúintí Gaeilge go léir. Féach freisin ar shobaldrámaí agus ar dhrámaí Gaeilge ar nós *Ros na Rún* agus *Rásaí na Gaillimhe* mar a gcloisfear na canúintí go léir in úsáid.

Ceapadóireacht

MOLTAÍ AGUS CUR CHUIGE GINEARÁLTA

Beidh ar an dalta a rogha dhá cheann de na catagóirí seo a leanas a fhreagairt:

Giota Leanúnach / Blag

Scéal

Litir / Ríomhphost

Comhrá

- Beidh ar an dalta na tascanna scríbhneoireachta seo a leanas a chur i gcrích: giota leanúnach, scéal, litir, comhrá, 7rl. Beidh ort **dhá** cheist a fhreagairt anseo. Déan taighde ar an ábhar a leanann agus ansin díriú ar an dá chuid is fearr a oireann duit. Bí cinnte go dtuigeann tú teideal na haiste. Ná tabhair faoi aiste mura dtuigeann tú an teideal go cruinn.
- Cleachtaigh réimse aistí sa rang. Bíodh leabhar nótaí agat ina mbailíonn tú cnuasach de nathanna úsáideacha agus de dheismireachtaí cainte. Bíodh tús, corp agus críoch i ngach aiste a chumann tú. Foghlaim nathanna úsáideacha chun feabhas a chur ar chaighdeán d'aistí. Bí cúramach le litriú agus le gramadach. Téigh siar ar pé ábhar atá scríofa agat chun barr feabhais a chur air. Moltar duit do chóipleabhar a roinnt ina chodanna: mar shampla, filíocht ainmnithe, próis ainmnithe, ceapadóireacht, 7rl. I gcás na ceapadóireachta, ba chóir na haistí, na giotaí agus na scéalta samplacha a scríobh amach ar dtús chun bunús maith a bheith agat. Ansin tá sé inmholta nathanna úsáideacha a bhreacadh síos chun iad a fhoghlaim, diaidh ar ndiaidh. Sa chaoi seo beidh tú ag síor-threisiú ar an ábhar tugtha.

Giota Leanúnach/Blag

Blaganna

Ciallaíonn ‘blag’ tuairisc nó alt, ar rud ar bith, a chuirtear ar an Idirlíon chun go bhfeicfead go forleathan é agus go mbeidh sé ina ábhar cainte. Bíonn an blagadóir ag caint faoin saol, faoin aimsir, faoi chaitheamh aimsire, faoi chúrsaí reatha, faoi na rudaí is maith nó is fuath leis/léi agus mar sin de. Bíonn blaganna éagsúla ann mar a leanas: blaganna pearsanta, blaganna gnó, blaganna faisin, blaganna taistil nó blaganna polaitiúla. Is iad na blaganna pearsanta is mó a geuireann daoine óga suim iontu. De ghnáth, ní fheiceann an saol i gcoitinne iad ach uaireanta feiceann daoine iad agus bíonn cumarsáid ann idir daoine mar gheall ar bhlag áirithe.

Leathleathanach a bheidh le scríobh anseo. Ba chóir leagan garbh a dhéanamh amach ar dtús agus ansin snas a chur air sin. Bíodh na haimsirí i gceart agat agus an litriú cruinn.

Le Déanamh

Scríobh giota leanúnach nó blag ar na hábhair seo a leanas:

1. An contae is rogha liom in Éirinn.
2. Réaltóg spóirt a bhfuil meas agam air/uirthi.
3. An spórt is fearr liom.
4. An ceol nua-aimseartha.
5. Cóisir a thaitin liom.

An Scéal

Iarrtar ort scéal (leathleathanach) a scríobh tar éis sliocht (abairt réamhráite nó dhó) a thabhairt duit. Mar shampla: *Tháinig mo dheartháir abhaile agus bhí aoibh ar a bhéal . . .* Oirfidh an cheist seo do dhaltáí a bhfuil caighdeán Gaeilge réasúnta ard acu. Bí an-chúramach anseo, áfach, go dtuigeann tú go hiomlán an sliocht a thugtar duit. Mura dtuigeann, tá gach uile sheans go ndéanfaidh tú praiséach den cheist mar go mbeidh tú ag scríobh scéal nach mbaineann leis an ábhar. Cleachtaigh réimse leathan scéalta chun taithí a fháil ar an gceist seo.

Le Déanamh

Scríobh scéalta (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh na sleachta seo a leanas oiriúnach mar thús leo.

1. ‘Ní raibh duine ar bith sa siopa. Ní dhearna mé an dara smaoinemh . . .’
2. ‘Ní raibh mo thuismitheoirí sásta ar chor ar bith le mo thorthaí scrúdaithe. Thuig mé cén fáth . . .’
3. ‘Bhíomar ag siúl ar feadh breis is uair an chloig. Go tobann thit mo chara i laige . . .’
4. ‘Agus mé ag siúl faoin tuath tháinig mé ar bheart faoi chrann . . .’
5. ‘Tá dea-scála agam duit,’ arsa an príomhoide liom, ‘fuair tú scoláireacht go dtí an Ghaeltacht . . .’

An Litir agus an Ríomhphost

MOLTAÍ GINEARÁLTA

- Ba chóir **leathleathanach nó mar sin** a bheith sa litir/ríomhphost.
- **Bí cúramach le gramadach agus le litriú na Gaeilge.** Caillfear marcanna mura bhfuil an ghramadach agus an litriú go cruinn.
- **Téigh siar ar do chuid oibre** d'fhonn seiceáil go bhfuil gach rud i gceart agus chun barr feabhais a chur ar an obair.
- **Cleachtaigh réimse leathan litreacha/ríomhphost** agus ná déan dearmad nathanna úsáideacha a d'fhoghlaim tú cheana féin sa cheapadóireacht a úsáid nuair is cuí.

An Litir Neamhfhoirmiúil

- **Bíodh na gnéithe seo a leanas agat sa litir:** (a) seoladh (b) dáta (c) beannú (d) corp na litreach (e) críoch.
- **Cuir de ghlanmheabhair roinnt seoltaí simplí:** 25 Bóthar an Rí; 17 Ascaill na Trá agus mar sin de.
- **Cuir de ghlanmheabhair roinnt dátaí** a bheidh oiriúnach do na séasúir áirithe: 13 Nollaig; 24 Meitheamh; 2 Aibreán, agus mar sin de.
- **Meabhraigh roinnt beannachtaí:** A Liam dhil, A Nóra dhil, A Mhamaí dhil, A Dhaidí dhil.
- **Bíodh nathanna oiriúnacha agat i gcorp na litreach:** Cé chaoi bhfuil tú? Conas 'tá tú? Níor chuala mé uait le fada. Abair le gach duine go raibh mé ag cur a dtuairisce. Scríobh chugam go luath nó cuir téacs chugam.
- **Bíodh críoch de ghlanmheabhair agat.** Beir bua is beannacht! Is mise do chara ionúin, Is mise do bhuanchara. 71.

Is é an leagan seo a leanas gnáthleagan litreacha neamhfhoirmiúla/pearsanta.

1. Do sheoladh

2. An dáta

3. An bheannacht

4. Corp na litreach

5. Críoch

6. Do shíneadh

1. Do sheoladh (your address)	4. Corp na litreach (the body of the letter)
2. An dáta (the date)	5. Críoch (conclusion)
3. An bheannacht (the greeting)	6. Do shíneadh (your signature)

Seoltaí Úsáideacha

- 25 Bóthar na Trá, Loch Garman
- 33 Ascaill Uí Bhriain, Tamhlacht, Baile Átha Cliath
- 10 An Choill Rua, Indreabhán, Co na Gaillimhe
- 16 Baile Loisc, Muiríoch, Trá Lí, Co Chiarraí
- 26 Gairdíní an Halla Bháin, Portlaoise, Co Laoise
- 104 Bóthar na Bruíona, Co Luimní

Dátaí Úsáideacha

- 3ú Bealtaine
- 14ú Feabhra
- 18ú Deireadh Fómhair
- 10ú Mí na Nollag

Críocha Úsáideacha

- Is mise do chara
- Do nia ionúin
- Is mise do chara ionúin
- Do neacht dhil
- Is mise do chara dhil
- Do mhac geanúil

Beannachtaí Úsáideacha

- A Mháire a chara
- A Sheáin a chara
- A Nóra dhil
- A Liam dhil
- A Mhamaí dhil
- A Dhaidí dhil

An Ríomhphost Neamhfhoirmiúil

Tá an ríomhphost i bhfad níos áisiúla ná an ghnáthlitr. Ní gá seoladh a bheith ann mar tá sin ann cheana féin. Ní gá dáta mar tá sin ann freisin. Is gá (a) beannú, (b) corp an ríomhphoist agus (c) críoch oiriúnach. Bíodh bearna líne ann idir gach alt sa ríomhphost.

- ❖ **Meabhraigh roinnt beannachtaí:** Haigh a Liam; A Nóra a chara; A Mhamaí dhil; A Dhaidí dhil.
- ❖ **Bíodh nathanna oiriúnacha agat i gcorp an ríomhphoist:** Cé chaoi bhfuil tú? Conas 'tá tú? Níor chuala mé uait le fada; Abair le gach duine go raibh mé ag cur a dtuairisce; Scríobh chugam go luath nó cuir téacs chugam.
- ❖ **Bíodh críoch de ghlanmheabhair agat:** Beir bua is beannacht! Do chara ionúin; Do bhuanchara; Labhróidh mé leat níos déanaí; Slán go fóill; Slán tamall; Beidh mé ag caint leat.

Le Déanamh

1. Tá tú féin agus daltaí do ranga ag bailiú airgid do Concern. Scríobh an litir/ríomhphost (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig bainisteoir an ollmhargaidh áitiúla ag lorg airgid air/uirthi.
2. Bhuaigh cara leat duais mhór i gerannchur áitiúil. Scríobh an litir/ríomhphost a chuirfeá chuige/chuici ag tréaslú leis/léi.
3. Tá aintín leat ina cónaí i nGaillimh ar fheirm. Tá tú féin ar saoire léi. Scríobh litir/ ríomhphost chuig cara leat. Déan cur síos ar na rudaí atá ar siúl agat ar an bhfeirm sin.
4. Bhí do bhreithlá ann le déanaí. Bhí cóisir iontach agat. Scríobh litir/ríomhphost chuig cara leat i Sasana. Déan cur síos ar an gcóisir agat ar na rudaí go léir a rinne tú an lá sin.
5. Bhuaigh foireann sacair do scoilse an chraobh sna cluichí áitiúla. Scríobh litir/ríomhphost chuig do dheartháir thar lear. Déan cur síos ar an gcluiche.

An Litir Fhoirmiúil

- ❖ Bíodh na gnéithe seo a leanas agat sa litir: (a) seoladh baile (b) seoladh Gnó (c) dáta (d) beannú (e) corp na litreach (f) críoch.
- ❖ Cuir de ghlanmheabhair roinnt seoltaí simplí: 25 Bóthar an Rí; 17 Ascaill na Trá; agus roinnt seoltaí gnó: An tEagarthóir, Foinse, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe; An Príomhoide, Pobalscoil na Trá, Cill Mhantáin; An Bainisteoir, Ollmhargadh Tesco, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath; TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe; RTÉ, Lána Nutley, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath.
- ❖ Cuir de ghlanmheabhair roinnt dátaí a bheidh oiriúnach do na séasúir áirithe: 13 Nollaig; 24 Meitheamh; 2 Aibreán.
- ❖ Meabhraigh roinnt beannachtaí foirmiúla: A chara, A Bhean Uí Néill dhil, A eagarthóir dhil, A bhainisteoir dhil, A bhean uasal, A dhuine uasail.
- ❖ Bíodh nathanna oiriúnacha agat i gcorp na litreach/an ríomhphoist: Beatha agus sláinte; Ba mhaith liom cur isteach ar; Ba mhaith liom gearán a dhéanamh faoi; Murar mhiste tá litir mholta uaim; Tá brón orm gur . . . ; Ba mhaith liom a rá.
- ❖ Bíodh críoch de ghlanmheabhair agat: Mise le meas; Le meas mór; Le meas nach beag; Beir bua; Mise do dhalta; Mise d'iardhalta; Le gach dea-ghuí; Mise le deamhén duit; Mise le dúthracht duit, r.l.

Is é an leagan seo a leanas gnáthleagan litreacha foirmiúla/gnó.

1. **Do sheoladh**

2. **An dáta**

3. **An seoladh gnó**

4. **An bheannacht**

5. **Corp na litreach**

6. **Críoch**

7. **Do shíneadh**

Seoltaí Gnó Úsáideacha

- An tEagarthóir, Scéala Éireann, Baile Átha Cliath 1
- An Bainisteoir, Óstán na Mara, Pórt Láirge
- An Príomhoide, Scoil Chaoimhín, Co na Gaillimhe
- An Bainisteoir, Tí Ruairí, Trá Lí, Co Chiarraí
- An Roinn Oideachais, Corr na Mada, Áth Luain, Co na hIarmhí
- An tEagarthóir, Scribo, Coláiste Choilm, Ros Comáin
- An Bainisteoir, Ollmhargadh Superquinn, Baile Munna
- An Stiúrthóir, Coláiste an tSléibhe, Ráth Cairn

1. Do sheoladh (your address)

2. An dáta (the date)

3. An seoladh gnó (business address)

4. An bheannacht (the greeting)

5. Corp na litreach (body of the letter)

6. Críoch (conclusion)

7. Do shíneadh (your signature)

Críocha Úsáideacha

- Mise le meas (Yours sincerely/faithfully)
- Mise le deamhéin (With kind regards/With compliments)
- Mise le dúthracht duit (Yours devotedly)

Beannachtaí le haghaidh Litreacha Foirmeálta

- A chara (Dear Sir/Madam)
- A Phríomhoide (Dear Principal)
- A Aire (Dear Minister)

Le Déanamh

1. Tá sé i gceist agat post páirt-aimseartha a aimsiú. Scríobh litir/ríomhphost chuig múinteoir i do scoilse ag iarraidh air/uirthi litir mholta a scríobh duit.
2. Chonaic tú post páirt-aimseartha do fhreastalaí sa teach tábhairne áitiúil. Scríobh litir/ríomhphost chuig bainisteoir an tí tábhairne ag cur isteach ar an bpost.
3. Bhí alt sa nuachtán áitiúil inar cáineadh do cheantar dúchais agus muintir na háite. Níor thaitin an t-alt sin leat. Scríobh litir/ríomhphost chuig eagarthóir an nuachtáin ag cosaint do cheantair agus muintir na háite.
4. Ba mhaith leat féin agus daltaí do scoile go mbeadh Uachtarán na hÉireann i láthair do cheiliúradh caoga bliain do scoilse. Scríobh litir/ríomhphost chuig Áras an Uachtaráin ag iarraidh ar an Uachtarán teacht don ócáid.
5. Bhí tú i mbialann le déanaí le cara leat. Bhí do chara an-tinn de dheasca burgair lofa a ithe. Scríobh litir/ríomhphost chuig bainisteoir na bialanna ag míniú an scéil dó/di agus ag iarraidh aisíocaíochta air/uirthi.

An Comhrá

MOLTAÍ GINEARÁLTA

- Bíodh blas an chomhráite ar an iarracht. Mar shampla, ‘Dia duit a Neasa, an bhfuil aon scéal agat?’
- Bíodh an comhrá corraitheach.
- Bíodh sé nádúrtha.
- Bíodh greann ann más féidir.
- Críochnaigh le nathanna mar a leanas: Caithfidh mé imeacht anois; Feicfidh mé tú go luath; Beir bua is beannacht!; Ó féach, tá an bus ag teacht; agus mar sin de.
- Ullmhaigh cnuasach de nathanna deasa comhráite. Mar shampla; Níl tú i ndáiríre! Ná bí mar sin! Bog díom agus ná bí dom’ chrá; agus mar sin de.

Le Déanamh

1. Is maith leat féin ceol rap. Ní maith le do chara é ar chor ar bith. Scríobh an comhrá (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoin gceol sin.
2. Tá tú féin agus do theaghlach ag imeacht go dtí an Astráil chun saol nua a bheith agaibh. Scríobh an comhrá (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le cara leat faoin todhchaí atá romhat.

3. Níor éirigh go maith leat i scrúdú téarma ar scoil mar nach raibh tú ag staidéar go rialta. Scríobh an comhrá (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do mháthair (nó d'athair) faoi na torthaí sin.
4. Tá cara leat san ospidéal de bharr gortú a bhain de/di le linn cluiche sacair. Scríobh an comhrá (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat leis/léi agus tú ar cuairt leis/léi san ospidéal.
5. Chaill tú suim airgid a thug d'athair duit chun íoc as cúrsa Gaeilge. Scríobh an comhrá (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat leis ag míniú dó cad a tharla.

SAMPLACH